An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Oibrithe aistrithe san Aontas Eorpach

## Achoimre feidhmiúcháin

### Réamhrá

Breathnaíonn an tuarascáil seo ar fheiniméan na n-oibrithe aistrithe i mBallstáit an AE agus san Iorua. Leagtar amach na foinsí infhaighte atá in ann faisnéis a sholáthar i ndáil le haistrithe, agus soláthraítear figiúirí do na tíortha a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. Breathnaíonn an tuarascáil freisin ar róil na reachtaíochta ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal náisiúnta araon maidir le dálaí fostaíochta agus oibre na n-oibrithe aistrithe a chinneadh. Breathnaítear freisin ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag roinnt cinntí ardphróifíle a ghlac Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa (CBE) le déanaí i gcásanna maidir le haistriú oibrithe. Ar deireadh, cuirtear seasaimh agus tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal náisiúnta i láthair.

### Comhthéacs beartais

Glacadh an Treoir ar Oibrithe a Aistriú (Treoir 96/71/cé ón AE) in 1996, agus déantar tagairt ann do 'núicléas de rialacha éigeantacha', a thugann ráthaíocht do chosaint íosta d'oibrithe aistrithe sa tír 'óstach'. I dtús báire, mheas mórán saineolaithe dlí saothair gur bhain ábharthacht theoranta leis an Treoir i ndáil le claochlú na reachtaíochta saothair Eorpaí agus náisiúnta. Bhí an toimhdiú seo bunaithe ar an tuiscint gurb ionann príomhchuspóir na Treorach agus cur chun feidhme shraith iomlán na ndlíthe saothair de chuid na tíre óstaí a cheadú i leith oibrithe aistrithe.

Tá roinnt cinntí úrnua ó CBE tar éis ábhar agus scóip na rialachán náisiúnta maidir le dálaí oibre na n-oibrithe aistrithe a cheistiú. Mar gheall ar na cinntí seo, tá aird an Choimisiúin Eorpaigh, na mBallstát agus na gcomhpháirtithe sóisialta dírithe ar na deacrachtaí a bhaineann le forfheidhmiú na Treorach ar an leibhéal náisiúnta.

Ní amháin gur dhírigh an díospóireacht a d'eascair as sin ar an rogha a thairgtear do Bhallstáit faoi scóip na rialacha infheidhmithe, go háirithe ceist na cosanta 'iomláine' in aghaidh na cosanta 'íosta', ach tháinig saincheisteanna casta eile chun cinn le linn na díospóireachta freisin. Saincheist amháin dá leithéid í an bealach ina gcuirtear an rialachán chun feidhme, toisc go bhfuil rogha ag na Ballstáit idir reachtaíocht agus cómhargáil i sainiú dálaí fostaíochta na n-oibrithe aistrithe. Baineann deacracht eile le tréithe an chomhaontaithe chomhchoitinn atá le cur chun feidhme, toisc nach mór don chomhaontú seo a bheith 'ina cheangal uilíoch'

### Príomhthátail

- I mórán tíortha, ní thugtar mórán airde ar shaincheist na n-oibrithe aistrithe i ndíospóireacht phoiblí go hiondúil, agus fiú bíonn na comhpháirtithe sóisialta den tuairim gur ceist imeallach í. Is gnách don phlé a bheith dírithe ar chatagóirí oibrithe eile, amhail oibrithe eachtracha i gcoitinne nó ar oibrithe gníomhaireachta sealadacha (faoina gcuimsítear oibrithe aistrithe go minic). Mar sin féin, tharla slógadh ar an leibhéal Eorpach mar thoradh ar rialuithe ó CBE le déanaí, agus rannpháirtíocht na móreagraíochtaí ceardchumainn i mbeagnach gach Ballstát páirteach ann.

- Tá easpa suntasach sonraí maidir le líon foriomlán agus tréithe na n-oibrithe aistrithe ar fud an AE. Tá scéimeanna tuairiscithe agus monatóireachta ar oibrithe aistrithe neamhchoitianta. Mar thoradh ar sin, tá sé beagnach dodhéanta a fháil amach cé mhéid oibrí a aistrítear san Eoraip, de bharr go bhfuil sonraí iontaofa in easnamh i gcás fhormhór na dtíortha, ach amháin Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an Liotuáin, an tSlóivéin agus – ó 2008 – an Danmhairg.

- Cuireadh dhá bhunrogha ar fáil do Bhallstáit sa Treoir: cosaint íosta nó iomlán a chur chun feidhme; nó cosaint a chur chun feidhme trí ionstraimí dlíthiúla nó trí chómhargáil féinrialaitheach. I gcleachtas, i bhformhór na ndlíthe náisiúnta lena gcuirtear an Treoir ar Oibrithe a Aistriú chun feidhme, luaitear comhaontuithe dlíthiúla agus comhchoiteanna araon mar mheán chun na leibhéil chosanta d'oibrithe aistrithe a leagan síos. Níl ach trí thír – an Laitvia, an Pholainn agus an Ríocht Aontaithe

– tar éis an sainmhíniú ar dhálaí fostaíochta agus oibre na n-oibrithe aistrithe a shannadh go heisiatach don dlí.

- Maidir le leibhéil chosanta, in 16 thír, ní chuirtear ach na cosaintí íosta i bhfeidhm, ach cuirtear cosaintí níos leithne i bhfeidhm in 11 tír eile. Tá an Treoir curtha chun feidhme ag formhór na mBallstát a tháinig isteach in 2004 agus 2007 (tíortha ar easpórtálaithe saothair iad den chuid is mó) trí na riachtanais íosta amháin atá sonraithe sa Treoir a chur chun feidhme i leith oibrithe atá aistrithe chuig a gcuid críoch féin. I gcomparáid leis sin, tá an Treoir curtha chun feidhme ag formhór de Bhallstáit an AE15 (agus an tSlóivéin) trí iarracht a dhéanamh feidhm iomlán a bhaint as an bhféidearthacht i ndáil le forfheidhmiú dhlí an tsaothair náisiúnta a leathnú chuig oibrithe atá aistrithe chuig a gcuid críoch féin.

- Cé go mbíonn siad deighilte go minic ina gcuid tuairimí ar an Treoir ar Oibrithe a Aistriú agus ar rialuithe CBE, tá ábhair imní agus tionscnaimh roinnte ag na comhpháirtithe sóisialta, go háirithe in earnálacha cosúil le tógáil, atá dírithe ar thuarastail ísle agus ar théarmaí fostaíochta neamhrialta a chomhrac. Tá béim leagtha ag roinnt eagraíochtaí fostóirí ar ghnéithe dearfacha a gcuid córas náisiúnta, amhail comhar idir chomhpháirtithe sóisialta agus an cumas chun comhtháthú sóisialta a áirithiú.

- Tá sé aibhsithe ag na rialuithe ó CBE le déanaí nach mbaineann na rialacha maidir le hoibrithe aistrithe le réimse dhlí an tsaothair ach leis an dlí tráchtála. I réimse dhlí an tsaothair, is féidir cosaintí íosta agus caighdeáin idirnáisiúnta a fheabhsú i gcónaí ar mhaithe le hoibrithe: is ionann iad agus bonn ar a bhfuil rialtais agus comhpháirtithe sóisialta in ann tuilleadh ráthaíochtaí a fhorbairt. I gcodarsnacht leis seo, sa dlí tráchtála, is ionann na cosaintí bunúsacha agus an uasteorainn chun comhoiriúnacht leis an sprioc maidir le caomhnú iomaíochta a cheadú; mheasfaí go gcuirfeadh aon bhreiseanna srian éagothrom ar sholáthar seirbhísí agus dá bhrí sin go mbeidís comhionann le bacainní trádála neamhtharaifí.

- Mar thoradh ar na rialuithe éagsúla ó CBE, tá lamháil inlíochta an teoranta ag na ceardchumainn náisiúnta atá ag iarraidh dálaí agus téarmaí fostaíochta in úsáid ag cuideachtaí aistrithe: ní féidir le ceardchumainn stailceanna nó cineálacha agóide eile a eagrú, atá deartha chun brú a chur ar chuideachtaí eachtracha comhaontuithe a shíniú nó cloí le dálaí íosta atá leagtha amach i gcomhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta.

- De thoradh ar na rialuithe is déanaí ó CBE tá sé thar a bheith deacair cosaintí a leathnú níos faide ná iad siúd atá liostaithe in Airteagal 3.1 den Treoir (féach CBE, Cás 341/05, Laval, alt 108; Cás C-438/05, Viking Line [2008] ECR I- 51, alt 81). De réir an léirmhínithe seo, nuair a bhíonn coimhlint idir shaorghluaiseacht seirbhísí agus chomhchosaint na gceart atá i gcleachtadh i gcórais náisiúnta na gcaidreamh tionsclaíoch, tiocfaidh an chéad cheann i réim i gcónaí.

## Leideanna beartais

- Is réamhchoinníoll í infhaighteacht na sonraí iontaofa ar oibrithe aistrithe le haghaidh díospóireachta táirgiúla ar a gcuid sainiúlachtaí agus riachtanas le haghaidh cosanta. Ba chóir cruthú córais mhonatóireachta uile-AE, coitianta a bheith cuimsithe faoi ghníomh práinneach, lena mbaileofaí sonraí ar líon na n-oibrithe aistrithe agus ar a ndálaí fostaíochta agus oibre, agus lena gcomhtháthófaí na foinsí atá ar fáil cheana (amhail na córais slándála sóisialaí a bhaineann le heisiúint fhoirmeacha E101 nó na nósanna imeachta fógartha éagsúla ar fáil cheana féin) agus lena líontar na bearnaí eiseacha.

- Dá gcruthófaí roinnt scóipe le haghaidh ionadaíochta agus cómhargála sa tír óstach, d’fheadfaí cur go suntasach le mí-úsáidí féideartha a theorannú agus dálaí cothroma fostaíochta agus iomaíochta a chruthú. D’fhéadfaí modhanna éagsúla a úsáid chun é seo a bhaint amach - amhail nochtadh faisnéise agus cearta chun comhairliúcháin a leathnú chuig aistriú oibrithe sa chuideachta atá ag glacadh leo, comhaontuithe sonracha ina gcuimsítear oibrithe aistrithe a cheadú agus feasacht na n-oibrithe aistrithe a mhúscailt, trí fhaisnéis ar a gcearta a sholáthar trí eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta nó/agus comhlachtaí slándála sóisialaí.

- D’fhéadfadh an comhoibriú idir chomhpháirtithe sóisialta sna tíortha ‘aistrithe’ agus ‘óstacha’ creat iontaofa a chur ar fáil chun faisnéis a bhailiú agus mí-úsáid a sheachaint. Tá forbairt déanta cheana féin ag ceardchumainn agus – uaireanta – ag fostóirí ar thionscnaimh agus ar threoirlínte chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na n-oibrithe aistrithe, ar leibhéal trasteorann ó am go chéile.

- Dá neartófaí ról na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal Eorpach freisin, agus í mar aidhm córas monatóireachta a bhunú agus roinnt scóipe a sholáthar chun dálaí fostaíochta agus oibre na n-oibrithe aistrithe a rialáil, chabhrófaí leis an staid reatha a chur ina ceart – tá an chosúlacht air faoi láthair go bhfuil sé faoi cheannas breithnithe geilleagracha agus modhanna rialála ar an leibhéal Eorpach.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil iomlán, *Oibrithe aistrithe san Aontas Eorpach* [*Posted workers in the European Union*], ar fáil ar líne ag www.eurofound.europa.eu/eiro/studies/tn0908038s/index.htm

Isabella Biletta, Bainisteoir Taighde:
ibi@eurofound.europa.eu